



Iascach Iníre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Baineann sé leis an iasc

Plean Corparáideach 2021-2025



Stream

*Salmon in shoals, heading up the river,
Trout dart past the heron, to avoid being dinner.
Reeds by the side, whistle in the breeze,
Eels by the score, slink, and slither with ease
Above are the swallows, dragon flies and the kingfisher,
Moles and the mink, the otter, and the dipper.*

Buaiteoir Rannóg 5ú Catagóir: Orlaith Timmons, Cúigiú Rannóg ag Scoil Náisiúnta Moycarkey i nDurlas, co. Thiobraid Árann

Dánta a bhuaigh an Comórtas Filíochta 'Something Fishy' 2021, eagraithe ar son Bunscoileanna ag lascach Intíre Éireann agus an t-Ionad Oideachais na Carraige Duibhe.

Buaiteoir Rannóg 5ú Catagóir: Orlaith Timmons, Cúigiú Rannóg ag Scoil Náisiúnta Moycarkey i nDurlas, co. Thiobraid Árann

Ábhar

Réamhra an chathaoirligh	4
Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh	6
Comhthéacs Earnáil Phoiblí	7
An dóigh ar forbraíodh an plean	7
Plean Corparáideach 2021-2025	8
01 NÓSANNA	10
02 IASC	11
03 GEALLSEALBHÓIRÍ	11
04 INBHUANAITHEACTH	12
05 ÁR BHFOIREANN	12
06 BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH	13
07 NUÁLAÍOCHT	13

Réamhra an chathaoirligh

Tá lúcháir orm an deis a bheith agam an Plean Corparáideach 2021 – 2025 a chuir i láthair, ar son an Bord d'Iascach Intíre Éireann.

Is toradh do chomhairliúchán leathan, machnamh agus taithí é an plean seo agus léiríonn sé díograis an bhoird go mbeidh sé fiúntach, sothuigthe agus dírithe go soiléir ar bhunfheidhmeanna agus cuspóirí Iascach Intíre Éireann mar atá ráite i gCuid 7 don Acht Iascach Intíre Éireann 2010.

Ba é toil an bhoird go mbeidh an plean seo fiúntach, úsáideach agus cuiditheach don fhoireann, geallsealbhóirí agus an pobal.

Ina n-ullmhúchán do sheacadadh an plean seo, chuir an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin a lán ama agus iarrachta i dtuiscint nua a chruthú le luachanna agus ráiteas misin Iascach Intíre Éireann. Is prionsabal treorach agus bonn iad na luachanna agus an ráiteas misin don doiciméad seo. Tá an Bord muiníneach go bhfuil an plean seo seasmhach le agus ailínithe leis na luachanna nua. Tá eolas de dhíth ar chreat reachtaíochta Iascach Intíre Éireann ach is é na luachanna a chuir i bhfeidhm i bhfeidhmiú an plean an fíor-dúshlán.

Tá sé beartaithe go mbeidh seacadadh, tomhas agus athbhreithniú déanta d'bunfheidhmeanna do chosaint, bainistíocht agus caomhnú don acmhainn Iascach Intíre faoi na ceannteidil do Ghnáthóg, Iasc, Geallsealbhóirí, Inbhuanaitheacht, Ár bhFoireann, Bainistíocht Corparáideach agus Nuálaíocht.

Cé nach bhfuil mórán difir idir an achoimre seo agus an plean deiridh, d'athraigh comhthéacs agus dúshlán don acmhainn go mór agus ba chóir go léiríonn an plean reatha agus leithdháileadh d'acmhainní na cúinse a bhíonn ag athrú i rith an ama.

Tá fiadhúlra agus speiceas fionnuisce ag imeacht as radharc ag ráta scanrúil ar fud na cruinne agus ní hé nach bhfuil baint aige seo le hÉireann.

Tá fiadhúlra agus speiceas fionnuisce ag imeacht as radharc ag ráta scanrúil ar fud na cruinne agus ní hé nach bhfuil baint aige seo le hÉireann.



Tá droch tionchar ag toscaí timpeallachta, caighdeán uisce, uirbiú agus téamh domhanda ar an acmhainn. Chun cuidiú a thabhairt do mhaireachtáil agus inbhuanaitheacht Iasc, beidh foireann agus acmhainní a atreorú ag Iascach Intíre Éireann chuig obair caomhantais agus gnáthóga. Ardóidh Iascach Intíre Éireann, nuair is gá, fócas ar ghníomhaíochtaí caomhantais agus feidhmeanna cosanta éifeachtacha, forbartha agus arduithe atá dírithe a chur ar fáil. D'athraigh cúinsí agus leanann siad ag forbairt agus caithfidh pleanáil agus seacadadh Iascach Intíre Éireann a bheith réamhghníomhach dá bharr sin.

Rachaidh an aird ar chaomhnú an acmhainn i bhfeidhm ar gheallsealbhóirí agus pobal atá níos eolaí ó thaobh na timpeallachta de. Cuireann sé deis ar fáil ár gcaidreamh leis na geallsealbhóirí a athnuaigh agus a fhorbairt inár gcomhiarracht chun ár gcomhacmhainn a chothú. Beidh foireann Iascach Intíre Éireann mar ambasadóirí dúinn sa tasc rithabhachtach seo.

Ba chóir go bhfuil dea-léiriú na heagraíochta san áireamh ag an bhord i gcónaí. Tá an fhoireann atá acmhainneach, seiftiúil agus oiriúnach an-tábhachtach ó thaobh rath an plean seo agus tá mé féin agus an Bord buíoch as an tiomantas agus as an dúthracht leanúnach ón fhoireann ag gach leibheál agus tá muid muiníneach go mbeidh siad inchurtha leis na dushláin atá ann faoi láthair.

Tá córais agus gnásanna sa rialachas faoina bhfuil eagraíochtaí treoirithe agus rialaithe. Ligeann córas láidir rialachas don eagraíocht a bheith ag feidhmiú go héifeachtúil agus freagracht a scaoileadh maidir le trédhearcacht agus freagracht dóibh siúd a chabhraíonn muid leo. Is comhlacht earnáil phoiblí é Iascacht Intíre Éireann agus mar sin de cloíann muid go fonnmhar le riachtanais rialachas agus airgeadais dár roinn tuismitheora, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC).

Thig le eagraíocht na pleananna is fearr ar an domhan a bheith acu agus is é an dóigh a chuirtear i bhfeidhm iad an rud is tábhachtaí. Tá an Bord muiníneach go bhfuil seo an plean is fearr i dtaca leis na hacmhainní airgeadais agus foirne atá ar fáil. Fosta, tá muid muiníneach agus ceannasach go gcuirfidh An Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ceannasaíochta an straitéis agus struchtúr chun an phlean seo a chur i bhfeidhm ar fáil agus torthaí atá beartaithe a bhaint amach.

Mar Chathaoirleach, tá mé spreagtha ag an phlean seo agus tá mé ag dúil go mór le bheith ag obair leo siúd a mbaineann sé chun an acmhainn iascach intíre a chuir san áit is fearr ó thaobh inbhuanaitheachta de fá ar son na glúnta atá le teacht.



Fintan Gorman
Cathaoirleach

**tá mé spreagtha ag an
phlean seo agus tá mé
ag dúil go mór le bheith
ag obair leo siúd a
mbaineann sé chun an
acmhainn**



Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh

Tá mé ríméadach Plean Corparáideach cúig bliana nua 2021-2025 Iascach Intíre Éireann a bhronnadh. Cuideoidh an plean seo le hIascach Intíre Éireann ár tosaíochtaí a bhunú don chúig bhliain atá romhainn le fócas láidir ar ár gcúram reachtúil a chur ar fáil.

Tá mé ríméadach Plean Corparáideach cúig bliana nua 2021-2025 Iascach Intíre Éireann a bhronnadh. Cuideoidh an plean seo le hIascach Intíre Éireann ár tosaíochtaí a bhunú don chúig bhliain atá romhainn le fócas láidir ar ár gcúram reachtúil a chur ar fáil.

Legann an plean seo amach ár fíis, misean agus luachanna mar eagraíocht go sóiléir. Cruthóidh fíis againn cé a bhfuil muid agus an rud a sheasann muid bunú an dóigh a chuirfidh muid ár gcuspóirí ard-leibheál agus torthaí a chur ar fáil atá leagtha amach sa phlean seo. Ar a bharr sin, ligfidh seo dúinn athdhíriú ar an achainn a chosnaíonn muid, na geallsealbhóirí a dhéanann muid cumarsáid leo, agus an phobal mór go ginearálta.

Tá tionchar dochrach ag athrú aeráide ar Éireann, cosúil leis an chuid eile den domhan, scriosadh gnáthóga nadúrtha, agus laghdú leanúnach speiceas leochaileacha. Tá sé seo fíor go háirithe ó thaobh an speiceas fionnuisce a chosnaíonn muid. Tá cuid mhór do na córais locha atá níos mó nár athraigh don mílaois deireidh anois i staid trasdula. Tháinig laghdú ar speiceas ar nós bradán aoibhinn an Atlantaigh thar a raon baile ag ráta scánruil. Shíl a lán daoine nár féidir leis seo tarlú riamh.

Tá a fhios againn go bhfuil fulaingt teoranta ag a lán speiceas fionnuisce le hathruithe uisce ceimiceach. Tá seo le feiceáil cheana ag Iascach Intíre Éireann agus tá sé le feiceáil inár taighde féin agus i dtaighde daoine eile. Tá speiceas ionrach, flóra agus fána ag cruthú dúshláin mhóra éiceolaíochta fá choinne córais fionnuisce agus speiceas dúchasacha ar fud na hÉireann. Tá freagairt coiteann de dhíth orainn leis an fhadhb seo le plé a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile agus an phobal go ginearálta. Ní bheith Iascach Intíre Éireann easnamhach i dtaca le bheith ag obair le daoine eile chun réiteach a fháil leis na fadhbanna seo.

Tá dúil ag níos mó na 320,000 Éireannaigh san iascaireacht agus mheallann Iascach Intíre Éireann 150,000 cuairteoirí slatiascaire ar bhonn bliantúil. Leanfaidh Iascach Intíre Éireann ag bainistiú agus ag cuir chun cinn slatiascaireacht inbhuanaithe, ag obair le slatiascairí agus comhpháirtí turasóireachta, chun cinntiú go bhfuil an acmhainn muirneach atá againn inrochtana agus inbhuanaithe mar sin de ag tacú le bithéagsúlacht, sláinte agus an geilleagar.

Is tosaíocht ard d'Iascach Intíre Éireann é tógáil mídhleatach d'iasc fionnuisce ag daoine aonarach na neamhscripallach mar gníomhaireacht caomhántas. Impím don phobal ról a bheith acu agus aon gníomhaíocht mar seo a thuairisciú nuair is féidir. I ndeireadh na dála, do acmhainn atá ann agus acmhainn do pháistí atá ann fosta. Níl an ceart ag aon duine leas a bhaint as an acmhainn seo go mídhleathach fá choinne brabús nó buntáiste. Is acmhainn nadúrtha é seo a bhaineann linn uilig agus is acmhainn rithábhachtach é fá choinne forbairt socheacnamaíoch i gceantair tuaithe.

Tabharfaidh cleachtas láidir rialachas tacaíocht don Phlean Corparáideach seo de réir riachtanais reatha don sheirbhís phoiblí. Beidh acmhainní curtha chuig ceantair tábhachtacha lenár gcúram reachtúil chun iasc a chosaint, chun caighdeán uisce a chosaint agus chun gnáthóga iasc a fhorbairt agus a fheabhsú. Beidh sé mar bhonn faoi taighde eolaíochta atá bunaithe ar fhianaise le dea-chleachtais i ré athrú aeráide.

Creideann ár bhfoireann i gcaighdeán éiceachóras fionnuisce a chaomhnú ar son na glúnta atá le teacht.

Creideann ár bhfoireann i gcaighdeán éiceachóras fionnuisce a chaomhnú ar son na glúnta atá le teacht. Tá muinín againn go meallfaidh ár luachanna agus cultúr inmheánach iompar agus léiriú chun na freagraíochta a chomhlíonadh ar son an phobal agus an acmhainn luachmhar ina bhfuil muid ag cosaint fá choinne glúnta reatha agus na glúnta atá le teacht.



Francis O' Donnell
An Príomhfheidhmeannach

Comhthéacs Earnáil Phoiblí

Is Gníomhaireacht Stáit é Iascach Intíre Éireann atá ag oibriú faoi choimirce An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Ullmhaíodh an Plean Corparáideach Iascach Intíre Éireann 2021-2025 sa dóigh is go bhfuil sé ag teacht le spriocanna straitéiseach iomlána dár Roinn Tuismitheora.

Chomh maith le bheith ag cloígh le Ráiteas Straitéiseach ár Roinn Tuismitheora, aithníonn Plean Corparáideach Iascach Intíre Éireann sraith do pholasaithe Rialtas, tionscnaíocht creatlach eile ar nós;

- 🏠 Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016
- 🏠 Cód Caiteachais Phoiblí
- 🏠 Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- 🏠 Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022
- 🏠 Plean Forbairt Náisiúnta 2018 – 2027
- 🏠 Tionscadal Éireann 2040
- 🏠 Straitéis Seirbhís Phoiblí TFC
- 🏠 Ár dtochaí Tuaithe
- 🏠 Plean Gníomhú ar aon na haeráide 2021

Tá an ról atá ag Iascach Intíre Éireann i dtaca le hacmhainn Iascach intíre bainte leis an chosaint, caomhnú bainistíochta, forbairt agus cur chun cinn Iascach fionnuisce in Éirinn agus speiceas Iasc san áireamh atá liostaithe sa Treoir Gnáthóga. Ar a bharr seo, clúdaíonn cúram Iascach Intíre Éireann gníomhaíochtaí áirithe ar farraige, Iascaireacht tráchtála fá choinne bradáin agus breac geal, agus slatiascaireacht fóillíochta san áireamh.

Cé go bhfuil freagracht iomlán polasaí ag an Aire fríd an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) fá choinne cosaint, bainistíocht agus caomhnú don earnáil Iascach intíre, tá freagracht príomha ag Iascach Intíre Éireann ó thaobh polasaí Iascach a chur i bhfeidhm. Tá ról tábhachtach san earnáil ag comhlachtaí eile poiblí ar nós Gníomhaireacht na Lochanna, don Fheabhal, Cairlinn agus Coimisiún Soilse Éireannacha, an t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA), an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Foras na Mara (MI) agus Bord Soláthair an Leictreachais (ESB).

An dóigh ar forbraíodh an plean

Tá Iascach Intíre Éireann i mbun próiseas comhairliúcháin cuimsitheach a thosaigh i 2019. Bhí plé le geallsealbhóirí laistigh don earnáil poiblí, grúpaí suime earnála, baill don phobal gineáralta agus foireann, ar ghnéithe dár bPlean Corparáideach roimhe seo (2016-2020) agus á mianta fá choinne Iasach intíre na hÉireann don todhchaí.

Chomh maith leis sin, i rith 2019, bhí ceithre luach beartaithe fríd ceardlanna leis an Bhord, Ceannasaíocht Sinsearach agus foirne Bainistíochta. Tá na croíluachanna seo mar bhonn faoi creidimh bunúsacha Bainistíocht an Bhoird agus Foireann Iascach Intíre Éireann agus léireoidh sé an dóigh a thabharfaidh muid, mar eagraíocht caomhantais, faoinár obair laethúil agus cairdeamh le geallsealbhóirí uile Iascach Intíre Éireann.

Cheadaigh Bord Iascach Intíre Éireann an fíis, misean agus luachanna forbartha nua agus tacar sraitheanna do chuspóirí ard-leibheál don straitéis cúig bliana amach anseo do 2019. Ina dhiaidh seo, chruthaigh grúpa oibre déanta de sampla ionadaíoch d'fhoireann ó laistigh d'Iascach Intíre Éireann tuairisceoirí fá choinne gach ceann do na ceithre luach – “léarscáil bhóithre” do cad a chiallaíonn na luachanna seo dúinn inár rólanna agus an dóigh ar féidir leo a maireachtáil gach lá.

I mí na Samhna 2019, tháinig foireann Iascach Intíre Éireann le chéile chun aiseolas a thabhairt ar an Phlean Corparáideach roimhe seo agus ionchur a thabhairt don phlean nua.

I rith 2020, rinneadh breathnú ar teascógach náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ag corprú ionchurtha ón bhreathnóireacht seo agus ó chomhairliúcháin, bhí doiciméad anailíse forbartha, agus tugtar cuireadh don fhoireann chun aiseolas a thabhairt air seo. D'fhorbair an Fhoireann Ceannasaíochta Iascach Intíre gníomhanna agus torthaí leis an aiseolas seo agus bhí ceardlann a dhéanamh leis an Bhord agus iad ag teacht chuig straitéis Iascach Intíre Éireann don chúig bhliain amach anseo.

Plean Corparáideach 2021-2025


Sonraíonn ár bPlean Corparáideach Fís, Misean agus Luachanna Iascach Intíre Éireann agus ár seacht gcuipóir straitéiseach don tréimhse 2021 go 2025. Tá cur síos déanta ar sraith gníomhanna atá riachtanach chun na cuipóirí seo a bhaint amach, leis na torthaí beartaithe leagtha amach. Leagann na cuipóirí straitéiseacha na háiteanna ina mbeidh Iascach Intíre Éireann ag focású a n-iarrachtaí thar an chúig mbliain amach anseo.

Aimseoidh Iascach Intíre Éireann aiseolas geallsealbhóra ar fheidhmiú an Straitéas i lár 2023.



Fís

Chun an acmhainn iascach intíre a chuir san áit is fearr ó thaobh an inbhuanaitheacht de ar son tairbhe na glúnta atá le teacht.



Misean

Chun Iascach Intíre na hÉireann agus acmhainní slatiascaireacht a chaomhnú agus a bhainistiú agus uasmhéadú a dhéanamh ar an inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht nádúrtha.



Luachanna

OIBRÍONN MUID GO **COMHOIBRÍOCH** LE **PROIFISIÚNTA**CHT

TÁ MUID **OSCAILTE**, **TRÉDHEARCACH** AGUS **FREAGRACH**

IOMPRAÍONN MUID LE **MEAS** AGUS **IONRACAS**

TÁ MUID TIOMANTA Ó THAOBH **MAOIRSEACHT** AGUS **INBHUANAITHEACHT**

Cuspóirí Leibheál Ard



NÓSANNA

Chun gnáthóga iasc a fhorbairt agus a fheabhsú go hinbhuanaithe



IASC

Chun daonraí iasc allta na hÉireann a chosaint, a chaomhnú, agus a fheabhsú



GEALLSEALBHÓIRÍ

Téigh i dteagmháil le geallsealbhóirí go gníomhach sa maoirseacht leanúnach dár acmhainn comhroinnte



INBHUANAITHEACHT

Chun ról ceannasaíochta a imirt inár n-aidhmeanna gníomhú ar son na haeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach



ÁR BHFOIREANN

Meas a thabhairt dár bhfoireann agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le forbairt agus feidhmíocht




BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

Chun cultúr luach do chuid airgid agus luacháil feidhmíochta a chothú i mbealach intomhaiste, sóiléir agus freagrach



NUÁLAÍOCHT

Bain leas as chumhacht nuálaíochta chun seirbhís iascach comhaimseartha a thabhairt



01 NÓSANNA

CHUN GNÁTHÓGA IASC A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ GO HINBHUANAITHE

Gníomh

Toradh

1.1 Dírigh ar ghnáthóga iasc a chaomhnú (fríd struchtúir eagraíochtúil cuí agus acmhainní a chruthú) agus úsáidfídh agus comhlíonfaidh sé cumhacht reachtaíochta ábhartha chun seo a éascú

Méadú i méid gnáthóg iasc optamach atá caomhnaithe agus thar saol an Plean Corparáideach seo

1.2 Bonn fianaise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don obair seo agus toscaí timpeallachta ar nós caighdeán uisce, uirbiú, feirmeoireacht dian, coillteoireacht agus tionchar féidearthacht fadtéarmach mar gheall ar athrú aeráide san áireamh

Méadú i méid gnáthóg iasc optamach atá caomhnaithe agus coinnithe thar saol an Plean Corparáideach seo

1.3 Ceangail agus comhoibrigh le gníomhaireachtaí eile ábhartha chun léargas, fios agus ceachtanna a fháil agus a roinnt chun tacaíocht a thabhairt don chosaint agus forbairt do ghnáthóga iasc agus rochtain fríd baint bacainn nuair is féidir, i gcomhar le geallsealbhóirí eile

Méadú i méid gnáthóg iasc optamach atá caomhnaithe, rochtainaithe agus coinnithe thar saol an Plean Corparáideach seo



02 IASC

CHUN DAONRAÍ IASC ALLTA NA HÉIREANN A CHOSAINT, A
CHAOMHNÚ, AGUS A FHEABHSÚ



03 GEALLSEALBHÓIRÍ

TÉIGH I DTEAGMHÁIL LE GEALLSEALBHÓIRÍ GO
GNÍOMHACH SA MAOIRSEACHT LEANÚNACH DÁR
ACMHAINN COMHROINTE

Gníomh	Toradh	Gníomh	Toradh
2.1 Pleananna acmhannaithe 5 mbliana forbartha agus clár cosanta iascacha riosca bhunaithe bliantúil, cosaint agus caomhnú don speiceas cosanta, leochaileach agus speicis atá i mbaol san áireamh.	Tá acmhainní spriocdhírithe ar meadúnú riosca ag leanstan chuig stoc éisc níos mó in uisce úr forbartha agus timpeallacht mhuirí	3.1 Straitéis cumarsáide geallsealbhóra a chruthú a chuireann cumarsáid fiúntach agus comhoibriú chun cinn agus ar fáil lenár geallsealbhóirí. Clúdóidh seo cumarsáid leis an Fhóram Náisiúnta Iascach Intíre	Cumarsáid agus comhoibriú feabhsaithe le geallsealbhóirí i seachadach ár ngnáthóg agus cuspóirí cosaint speiceas
2.2 Polasaithe cosanta speiceas atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil & cláir le focás ar mhaolú agus oiriúnú i ré d'athrú aeráide	Caomhnaithe agus curtha chun cinn nuair is féidir, daonraí reatha do speiceas dúchasacha, faoi bhagairt nó speicis atá i mbaol (i bhfionnuisce & timpeallachtaí mhuirí)	3.2 Bainistigh iascach atá faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann go hinbhuanaithe fá choinne buntáiste gach geallsealbhór	Iascach stáit atá bainistithe go héifeachtach agus go hinbhuanaithe
2.3 Pleananna bainistíochta iascach a fhorbairt de bharr an taighde is fearr atá bunaithe ar fhianaise agus eiseamáiriú atá ar fáil. Sa chéad dul síos chun cuidiú a thabhairt i mbainistíocht iascach breac donn fiáin	Polasaí atá bunaithe ar eolaíocht a tugann tacaíocht don réasúnaíocht fá choinne bainistíocht 'iascach breac donn fiáin bainistíochta' ar dóigh inbhuanaithe	3.3 Uasdátaigh agus nuachóirigh infreastuctúr slatiascaireachta Iascach Intíre Éireann agus comhthaobhacht le héileamh slatiascaireachta	Déan cinnte go bhfuil rochtain infreastuctúr slatiascaireachta sábháilte agus oiriúnach agus go bhfuil an t-eolas suas chun dáta
2.4 Cuir áiseanna reatha cultúr uisce chun cinn agus fiosraigh féidearthacht do chultúr uisce nua	Iasc (neamhfhiáin) a chur ar fáil fá choinne geallsealbhóirí chomh maith le háiseanna a bheith agat chun freagairt a thabhairt do tubaiste éiceolaíochta nó idirghabháil a dhéanamh in áit ina bhfuil iasc i mbaol do dhíothú suíomhaithe	3.4 Tabhairt tacaíocht do bhainistíocht, forbairt agus athchóiriú iascach eile príobhaideach/poiblí (nach bhfuil faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann)	Iascach príobhaideach/poiblí/eile atá bainistithe go héifeachtach agus go hinbhuanaithe

Cuspóirí Leibheál Ard



04 INBHUANAITHEACHT		05 ÁR BHFOIREANN	
CHUN RÔL CEANNASAÍOCHTA A IMIRT INÁR N-AIDHMEANNA GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS BITHÉAGSÚLACHTA A BHAINT AMACH		MEAS A THABHAIRT DÁR BHFOIREANN AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DÓIBH MAIDIR LE FORBAIRT AGUS FEIDHMÍOCHT	
Gníomh	Toradh	Gníomh	Toradh
4.1 Ár spriocanna reatha laghú CO2 agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach de réir reachtaíochta: 7% bliain ar bhliain (50% faoi 2030), éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú agus íoslaghdaigh an lorg éiceolaíochta do ghníomh lascach Intíre Éireann	7% laghdú iomlán ar a laghad d'ídiú agus astaíocht fuinnimh (CO2) bliain ar bhliain atá bainte le gníomhaíochtaí lascach Intíre Éireann agus uasmhéid ionchur chuig Plean Gníomh Aeráide na hÉireann 2021 ar aghaidh	5.1 Forbairt agus cuir straitéis acmhainní daona chun cinn chun tacaíocht a thabhairt do Phlean Corparáideach lascach Intíre Éireann 2021 go 2025	Struchtúr eagraíochta oiriúnach agus lucht saothair tiománta, oilte, feiliúnach agus torthúil ar féidir Plean Corparáideach a chur ar fáil de réir ár Misean, Fís agus Luachanna agus cumarsáid inmheánach éifeachtúil agus nuálacha a úsáid agus a bheith eolach ar shlainte foirne
4.2 Cinntigh inbhuanaitheacht iasc dúchasach agus bithéagsúlacht a chaomhnú fríd iontráil clár cóiriú agus maolú athrú aeráide	Beidh straitéis atá bunaithe ar fhianaise forbartha agus curtha i bhfeidhm chun tionchar athrú aeráide a laghdú ar ghnáthóg iasc agus daonraí		
4.3 Cuir maoirseacht inbhuanaithe d'iascach chun chinn de réir reachtaíochta	Bainistíocht inbhuanaithe d'iascach de réir reachtaíocht reatha		



06 BAINISTÍOCHT CORPARÁIDEACH

CHUN CULTÚR LUACH DO CHUID AIRGID AGUS LUACHÁIL
FEIDHMÍOCHTA A CHOITHÚ I MBEALACH




07 NUÁLAÍOCHT

BAIN LEAS AS CHUMHACHT NUÁLAÍOCHTA CHUN SEIRBHÍS
IASCACH COMHAIMSEARHTHA A THABHAIRT

Gníomh	Toradh	Gníomh	Toradh
6.1 Cinntigh barr feabhais próiseas gnó fríd forbairt straitéis cuí agus próiseas luach do chuid airgid agus inbhuanaitheacht san áireamh	Próiseas gnó curtha chun cinn chun comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht agus seirbhís seacadadh níos fearr a chur ar fáil	7.1 Forbair straitéis nuálaíochta chun lúfaireacht eagraíochtúil a mhéadú, éifeachtúlacht a fheabhsú, cumarsáide agus seacadadh seirbhís phoiblí chun gnáthóga iasc a forbairt go hinbhuanaithe, a fheabhsú agus a chosaint	Cuir i bhfeidhm straitéis straitéis nuálaíochta
6.2 Cinntigh go bhfuil dea-Rialachas Corparáideach agus Timpeallachta san eagraíocht	Cuirtear treoirlinnte rialachas agus ciorcláin uile i bhfeidhm go pras agus déantar monatóireachth orthu ar bhonn rialta, chun ard leibheálacha Rialachas Corparáideach agus Timpeallachta a chinntiú	7.2 Forbair agus cur straitéis TFC i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don Phlean Corparáideach a chur i bhfeidhm	Cuir i bhfeidhm an straitéis TFC

Ár Bhfoireann



Stream

Sitting by the river or sometimes by the sea, I often think that I can see the fish stare back at me.

Trout, Salmon, Rudd and Perch are the fish that come to mind. They might come close for us to see if we could just be quiet and kind.

Ripples in the water is a sign that they are near, when the sun shimmers off their scales we can see them nice and clear.


Every now and then they will leap into the air and when they disappear from sight I often stand and stare.

My days by the river are special to me as I watch all this wildlife...wild and free.

Catagóir Rannóg 6: Aoibhé Kieran, Séú-Rang i Scoil Náisiúnta Balloon i gCeatharlach

Dánta a bhuaigh an Comórtas Filíochta 'Something Fishy' 2021, eagraithe ar son Bunscoileanna ag Iascach Intíre Éireann agus an t-Ionad Oideachais na Carraige Duibhe.

Fá choinne tuilleadh eolais faoin chlár oideachasúil Something Fishy fá choinne Bunscoileanna in Éirinn, gabh chuig www.somethingfishy.ie



Iascach Intíre Éireann
3044 Céide an Locha
Campas Gnó Iarthar na Cathrach
Baile Átha Cliath D24 Y265
Éire

Suíomh Gréasáin: www.fisheriesireland.ie

Angling Ireland Blog: <https://fishinginireland.info/>

 <https://www.facebook.com/inlandfisheriesireland>

 [@InlandFisherIE](https://twitter.com/InlandFisherIE)

 <https://www.linkedin.com/company/inland-fisheries-ireland/>

 <https://www.youtube.com/c/InlandFisheriesIreland/featured>